GX1226

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Scrúdaithe an Gheimhridh 2000
Scrúdú B.A.

An Stair

HI323 **An Eoraip ó 1914 i leith**

Seán Duffy
M.A.G. Ó Tuathaigh

Freagair *trí* cheist *Dhá* uair a chloig ar fáil

1. "The defining feature of the European balance of power in 1919 [was] the simultaneous exhaustion of Russia and Germany" (M.Mazower). Do bharúil faoi seo.

nó

"Má's fíor gur dea-theist ar théarmaí chonradh síochána ar bith nach bhfágann siad ceann ar bith de phríomh-pháirtithe an chonartha iomlán mí-shásta leis an dtoradh, bheadh orainn a rá, de réir na tuisceana seo, gur tubaist amach is amach a bhí i gConradh Versailles". Do bharúil faoi seo.

2. "Níorbh í an teachtaireacht ídé-eolaíoch a bhí acu a thuill tacaíocht chinniúnach an phobail do na Boilséibhigh, ach na rudaí a gheall agus a ghéill siad go críonna, agus an diongbháilteach fhíochmhar a léirigh siad ina gcuid beartais". Do bharúil faoi seo.

3. "The major difference between the fascist and non-fascist Right was that fascism existed by mobilizing masses from below" (E. Hobsbawm). Do bharúil faoi seo.

nó

Ar tré sheans ar fad a tharla sé gur san Iodáil ba thúisce a tháinig deachtóireacht fhaisisteach chun cumhachta sna luath-fhichidí ?

4. "Hitler had only one programme, power without limit, and the rest was window- dressing". (A. Bullock, ag scríobh dó sa bhliain 1952). Do bharúil faoi seo.

5. Arbh réiteach gearr-théarmach amháin é an réiteach a d'aimsigh Hitler ar fhadhbanna eacnamaíochta na Gearmáine sna blianta 1933-1939 ?

6. "In effect, the second revolution transformed the whole of the Soviet Union into a single enormous firm. The management of the economy merged with the government of the country: managing director Stalin, the Politburo his board, and everyone else managers, technicians, public-relations men and workmen" (J.P. Nettl). Do bharúil faoi seo.

nó

"Séard a chiallagh 'An Sóisialachas in aon Stát amháin' ag Stalin ná, Státchóras ollsmachtach bunaithe ar fhaitíos, ar smacht is ar sceimhle". Do bharúil faoi seo.

7. " Could the war have been prevented ? It is sometimes argued that it was feeble statesmanship that brought about war. Had Britain and France been prepared to confront the dictator sooner, even to the extent of fighting for the Rhineland in 1936 or the Sudetenland in 1938, then major war would never have been necessary. This is to ignore the reality confronting British and French leaders in the 1930s" (R. Overy). Do bharúil faoi seo

nó

Cén fáth, dar leat, a raibh impleachtaí móra ag Cogadh Cathardha na Spáinne, cogadh teoranta logánta ó cheart a cheapfá, do chúrsaí na hEorpa uilig ?

8. "What is true ... is that the fragile barriers separating war from peace and soldiers from civilians - already eroded in the First World war - virtually disappeared between 1939 and 1945 " (B. Bond). An sainmhíniú í seo, dar leat, ar an staid a nglaoitear 'Cogadh Cuimsitheach'('total war') air ?

nó

Tabhair breithiúnas meáite ar an ráiteas gurbh í 1941 bliain na cinniúna sa Dara Chogadh Domhanda.

9. " B'ionann an cogadh agus caidhp an bháis do shean-impireachtaí na hEorpa ; laistigh de ghlúin tar éis dheireadh an chogaidh, bhí an próiseas dí-chóilínithe ag na Stáit Eorpacha faoi lán tseoil". Do bharúil faoi seo.

10. " The extension of Russian power into central Europe and as far west as the river Elbe has been called, without hyperbole, 'the main theme of the post war era and probably of the second half of the twentieth century' " (B. Bond). Do bharúil faoi seo.

11. " Ní raibh an Cogadh Fuar do-sheachanta : tharla sé, áfach, de bharr bhun-riachtanais Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Aontacht na Sóibhéide ". Do bharúil faoi seo

nó

" Ní raibh sa Chogadh Fuar, i ndáiríre, ach leagan nua den iomaíocht thraidisiúnta idir impireachtaí, ach gurbh lú líon na n-iomaitheoirí an babhta seo ". Do bharúil faoi seo.

12. Céard go díreach atá i gceist ag Alan Milward, nuair a deireann sé gurbh é bunú an Chomhphobail Eorpaigh (An Aontais Eorpaigh anois) tar éis 1945 an beart cinniúnach a shábháil an 'Stát náisiúnta' ('nation-state') san Eoraip ?

nó

Arbh é, go bunúsach, a bhí taobh thiar de bhunú an Aontais Eorpaigh ná tionscnamh ar son na forbartha eacnamaíochta agus an rachmais ?

13. Cérbh iad na bealaí trínar éirigh le hAontacht na Sóibhéide a tionchar agus a smacht a choinneáil ar Stáit éagsúla i lár agus in oirthear na hEorpa sa tréimhse 1945-89 ?

nó

Cérbh iad na fórsaí fé ndear don ngéarchéim a tháinig ar an gCumannachas in Aontacht na Sóibhéide sna 1980í déanacha ?

14. "In ainneoin an téarnaimh eacnamúil a bhain di, bhí iarthar na hEorpa ó 1945 i leith ró-mhór faoi thionchar Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcúrsaí cultúir i gcoitinne, agus go h-áirithe i ngnéithe éagsúla de mhór-mheáin chultúrtha na coitiantachta "
Do bharúil faoi seo.